

# Helmut Kohl agus François Mitterrand: ceannairí san athmhuintearas

Helmut Kohl 1930 - 2017

François Mitterrand 1916 - 1996



*Is beag duine a cheap, is dóigh, go mbeadh beirt de mhórchéannairí na hEorpa sa dara leath den fhichiú haois ag obair chomh dlúth sin le chéile. Is le linn dá dhá náisiún a bheith ag troid in dhá chogadh ollmhóra a rugadh agus a tógadh Helmut Kohl, Seansailéir na Gearmáine, agus François Mitterrand, Uachtarán na Fraince.*

*D'oibrigh Kohl agus Mitterrand go dian chun an caidreamh a bhí ann tar éis an chogaidh idir an Fhrainc agus an Ghearmáin a threisiú, agus leag siad béim ar a thábhachtaí a bhí sé síocháin a bheith ann idir an dá náisiún chun comhtháthú na hEorpa a shaothrú. Íomhá iomráiteach a bhí i mbéal na meán ar fud an domhain is ea an íomhá den bheirt cheannairí agus iad i ngreim láimhe ina chéile ag searmanas an 22 Meán Fómhair 1984 chun comóradh a dhéanamh ar thús an Chéad Chogadh Domhanda 70 bliain roimhe.*

## Helmut Kohl

Is in Ludwigshafen na Gearmáine in 1930 a rugadh Helmut Kohl, agus is i lár na ndéaga de bhlianta a bhí sé nuair a tháinig deireadh leis an Dara Cogadh Domhanda. Is minic a dúirt sé go raibh sé slán ón gcuid is measa den chogadh mar gheall ar é a bheith chomh hóg sin. Rinne sé staidéar ar an dlí in Frankfurt sular athraigh sé go dtí an stair agus an eolaíocht pholaitiúil ar Ollscoil Heidelberg.

Is i saol na hacadúlachta a chuir sé tús lena shaol oibre, go dtí go ndeachaigh sé bealach an ghnó ina dhiaidh sin agus bealach na polaitíochta sa deireadh thiar. In 1959 toghadh ina cheannaire é ar chraobh a bhaile dúchais den Aontas Daonlathach Críostaí (CDU), agus ba ghearr gur shaothraigh sé a bhealach aníos tríd an bpolaitíocht áitiúil agus réigiúnach. Tar éis dó a bheith ina aire-uachtarán ar Dhúiche na Réine agus an Pharlaimintíocht (rud a d'fhág gurbh é an ceann rialtais tofa is óige sa Ghearmáin), agus ina chathaoirleach ar CDU, thug sé na chéad chéimeanna i dtreo Sheansailéireacht Iarthar na Gearmáine.

In 1982, briseadh an rialtas mar gheall ar vóta mímhúiníne a thionscain CDU. Dá réir sin, thogh an Bundestag (parlaimint na Gearmáine) Kohl ina Sheansailéir, agus bliain ina dhiaidh sin, fuair sé greim níos doichte ar an gcumhacht trí thoghcháin chónaidhme 1983 a bhaint le farasbarr suntasach.

Is as a thiomantas chun aon stát amháin a dhéanamh den Ghearmáin is fearr atá cuimhne air. Ba é an chéad Seansailéir a chuir fáilte roimh cheann stáit Oirthear na Gearmáine i gcáil taidhleoireachta, agus tar éis thitim Bhalla Bheirlín, ba go diongbháilte a shaothraigh sé athaontú Oirthear agus Iarthar na Gearmáine. In 1990, shínigh agus dhaingnigh an dá pharlaimint conradh, conradh lenar athaontaíodh an Ghearmáin 45 bliana tar éis do choimhlint an tír a scoilt ina dhá leath, agus conradh a d'fhág go rabhtas níos cóngaraí d'fhíorú na físe a bhí ag Kohl den Eoraip agus í aontaithe.

## François Mitterrand

Is in Charente na Fraince in 1916 a rugadh François Mitterrand. Rinne sé staidéar ar an Dlí Poiblí agus bhain sé a chéim amach

in 1937, gur dhaingnigh sé a sheasamh polaitiúil ar eite dheas náisiúnach na Fraince.

Nuair a bhris an Dara Cogadh Domhanda amach, coinscríobhadh sna línte tosaigh é, gabhadh in 1940 é agus coimeádadh mar phríosúnach cogaidh de chuid na Gearmáine é. Tar éis dó éalú, d'oibrigh sé seal faoi réimeas Vichy na Fraince sular chlaon sé leis an eite chlé agus go ndeachaigh sé le frithbheartaíocht na Fraince. Chuir sé le chéile gréasán de phríosúnaigh chogaidh eile agus de ghrúpaí frithbheartaíochta armtha de chuid na Fraince sular éalaigh sé go Londain chun nach ngabhfadh an réimeas é. Bhuaill Mitterrand le Charles de Gaulle, fear a measadh a bheith ina cheann feadhna ar an bhfrithbheartaíocht ar deoraíocht, féachaint le hoibriú le chéile i bhfrithbheartaíocht na Fraince bíodh nach raibh siad ar aon fhocal le chéile.

Tar éis an chogaidh, threisigh sé a sheasamh ar an eite chlé trí dhul i gcoinne Charles de Gaulle, agus toghadh ina cheannaire ar Pháirtí Sóisialach na Fraince ar deireadh é. Cé nár éirigh lena chéad iarracht ar an Uachtaránacht, toghadh ina Uachtarán é in 1981, agus é ina cheannaire ar an gcéad rialtas de chuid na heite clé sa tír le 23 bliana.

## An Eoraip aontaithe ina rún daingean

Is é Helmut Kohl an dara duine as triúr ar bhronn an Chomhairle Eorpach Saoránacht Oinigh Eorpach air mar aitheantas ar an obair éachtach a rinne sé ar mhaithe le comhtháthú na hEorpa agus leis an gcomhar Eorpach, i bhfianaise an chion a rinne sé ar son an tionscadail Eorpaigh.



Mitterrand agus Kohl in 1987

Agus é ina Uachtarán, thacaigh Mitterrand le méadú an Aontais trí aontachas na Spáinne agus na Portaingéile leis an Aontas a spreagadh. Chomh maith leis sin, chreid sé in Aontas níos comhtháite agus rinne sé a chion chun an Ionstraim Eorpach Aonair a rith in 1986, ionstraim lenar bunaíodh na chéad bhunchlocha dlíthiúla le haghaidh an mhargaidh aonair Eorpaigh. Bhain Kohl agus Mitterrand an sprioc seo amach i gcomhar le chéile nuair a

ritheadh Conradh Maastricht sé bliana ina dhiaidh sin, rud a thug chun fíoraithe an aisling a bhí acu margadh trasnáisiúnta gan deacracht a bheith ann san Eoraip.

An grianghraf clúiteach de Kohl agus Mitterrand agus iad gar do Verdun, an áit ar troideadh ceann de na cathanna is faide sa Chéad Chogadh Domhanda, glacadh é an 22 Meán Fómhair 1984 ag searmanas cuimhneacháin a léirigh an oiread dul chun cinn a rinne an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Eoraip sa tréimhse ón dá Chogadh Dhomhanda.

Agus iad i ngreim láimhe ina chéile os comhair fleasc chuimhneacháin ag cránhlann Douaumont, chabhraigh Kohl agus Mitterrand lena chinntiú nach cuimhne phianmhar amháin a bheadh in Verdun, ach go mbeadh sé ina shiombail don tsíocháin agus don athmhuintearas, agus léirigh siad don Eoraip agus don domhan an tábhacht atá le cumhacht na síochána ar an mór-roinn.

Bhí dlúthchaidreas eatarthu agus bhí caidreamh oibre tairbheach acu i gcaitheamh na mblianta, agus bhí sé de chluí orthu go mbídís ag déanamh cuideachta le chéile. Thug Kohl Saumagen (bolg cránach), mias choitianta de chuid na Gearmáine, do Mitterrand lá, agus is cosúil go ndúirt sé leis 'caith siar é nó beidh an Saarland agaibh arís eile'.

Mar aitheantas ar an gcion a rinne siad le linn a saoil ar son an chaidrimh idir an Fhrainc agus an Ghearmáin, bronnadh duais Charlemagne orthu in éindí in 1988, duais a bhronntar de bharr obair a dhéantar ar son aontú na hEorpa. San óráid ghlactha a thug sé uaidh, leag Kohl béim ar na nithe a bhí i gcoiteann ag an bhFrainc agus ag an nGearmáin, nithe a bhí mar bhonn le tionscadal uile an Aontais Eorpaigh, arbh é an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach, a bunaíodh in 1951, a thús. Bhuaigh roinnt dá gcuid comhghleacaithe an duais seo chomh maith, ina measc Konrad Adenauer agus Simone Veil.

Bhí Kohl ina Sheansailéir ar feadh 16 bliana, an seansailéir is faide téarma oifige san 20ú haois. Bhí Mitterrand ina Uachtarán ar Phoblacht na Fraince ar feadh 14 bliana, an tréimhse uachtaránachta is faide i stair na Fraince.

## Na blianta deireanacha

Tar éis dó ailse phróstataigh a chomhrac ar feadh roinnt blianta, d'éag François Mitterrand in Eanáir 1996, níos lú ná bliain ó d'fhág sé an oifig. Fuair Helmut Kohl bás nádúrtha i Meitheamh 2017. Bhí 'gníomh stáit' Eorpach ann ina onóir, an chéad cheann riamh, ag Parlaimint na hEorpa in Strasbourg mí ina dhiaidh sin. Seo mar a labhair Jean-Claude Juncker, Uachtarán an Chomisiúin Eorpaigh: *'Ba Ghearmánach agus Eorpach go smior é Helmut Kohl, nó dar leis nach raibh an dá ní sin ag teacht salach ar a chéile. Chreid sé go raibh aontacht na Gearmáine agus na hEorpa ag teacht le chéile'*.